Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 2

# Sláinte agus Sábháilteacht

## Torthaí Foghlama

- **1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.10**

### Téamaí na caibidle seo:

- Cleachtais sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm
- Comharthaí sábháilteachta agus lipéid sábháilteachta a thuiscint
- Comhoibriú chun timpeallacht shábháilte oibre a chothú
- Dearadh a mheas maidir le sláinte agus sábháilteacht

Ba cheart tús áite a thabhairt do na rialacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht sa seomra teicneolaíocht adhmaid. Nuair a bhíonn adhmad á ghearradh agus obair á déanamh ar dhéantáin, bíonn cuid mhór uirlisí agus meaisíní dainséaracha in úsáid. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, go mbeadh na rialacha sláinte agus sábháilteachta ar eolas ag gach duine sa rang. Tá roinnt uirlisí agus meaisíní nár cheart duit a úsáid ach amháin má tá an múinteoir ag cabhrú leat. Cuirfidh an múinteoir ar an eolas thú roimh thús an ranga.

### Bunrialacha Sláinte agus Sábháilteachta


- Lean treoracha an mhúinteora i gcónaí.
- Bíodh an t-éadach ceart ort.
- Úsáid an trealamh sábháilteachta (masc, cosantóirí cluas, etc.).
- Glan suas i do dhiaidh.
- Ná bí sa seomra roimh an múinteoir.
- Ná bí ag pleidhcíocht.
- Ná cuir isteach ar obair duine eile.




**sláinte agus sábháilteacht** health and safety · **trealamh** equipment

# Slacht sa Rang

Tá sé tábhachtach do bhinse oibre a ghlanadh agus gach uirlis a chur ar ais san áit cheart ag deireadh an ranga sa chaoi nach mbeidh aon timpiste ann. Féach an sceitse thíos. Tá na huirlisí leagtha amach go deas néata sa bhinse oibre. Is fusa obair éifeachtach a dhéanamh nuair a bhíonn gach rud san áit cheart. Beidh sé níos fusa don duine a thiocfaidh i do dhiaidh freisin!






### I gCás Timpiste

- Cuir fios ar an múinteoir i gcás aon timpiste.
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil an bosca garchabhrach. Beidh sé ag teastáil ón múinteoir i gcás timpiste.
- Má dhónn tú do lámh, cuir faoi uisce é ar feadh 10 nóiméad.
- Má tá dusta i do shúile, nigh iad.
- I gcás turraing leictreach, cas as an chumhacht.

### Rialacha na mBinsí Oibre

- Clampáil an déantán sa bhís bhinse.
- Coinnigh na binsí glan.
- Glan an fuílleach adhmaid agus an dusta de do bhinse le scuab go rialta.
- Coinnigh an spás idir na binsí glan.
- Cuir uirlisí agus ábhair ar ais san áit cheart.
- Abair leis an múinteoir má tá aon ábhar nó uirlis briste.



2.1 **An bhís bhinse**

**bosca garchabhrach** first aid box • **turraing leictreach** electric shock
**bís bhinse** bench vice








2.2 **Druilire colúin á úsáid**

### Rialacha na nUirlisí Cumhachta

- Ná bíodh ach duine amháin ag aon mheaisín.
- Cinntigh go bhfuil an meaisín glan agus sa riocht ceart sula gcuirfidh tú ar siúl é.
- Cas as an soicéad agus an uirlis féin sula ndéanann tú uirlis chumhachta a phlugáil isteach.
- Ná húsáid plocóidí ná sreanga atá fliuch.
- Ná húsáid aon sreang atá gearrtha.
- Cuir an fiús ceart i ngach uirlis.
- Cuir fios ar an múinteoir láithreach má tá aon rud mícheart leis an meaisín.

## Comharthaí Sábháilteachta

Bí cinnte go dtuigeann tú na comharthaí sábháilteachta atá le feiceáil sa seomra teicneolaíocht adhmaid. Insíonn siad duit cad is gá duit a dhéanamh chun na huirlisí agus na hábhair éagsúla a úsáid go sábháilte.




2.3 **Comharthaí Sábháilteachta**

**uirlisí cumhachta** power tools • **plocóid** plug • **fiús** fuse • **druilire colúin** pillar drill • **comhartha sábháilteachta** safety symbol • **aghaidhsciath** face shield

Má bhíonn timpiste ag aon duine sa seomra ranga, beidh an bosca garchabhrach ag teastáil ón múinteoir. Cén comhartha sábháilteachta a bhaineann leis an mbosca garchabhrach? Féach Fíor 2.3 ar leathanach 3.




Baineann lipéid sábháilteachta áirithe le substaintí agus le huirlisí a bhíonn in úsáid sa seomra ranga. Féach Fíor 2.4. Is gá a bheith san airdeall ar na contúirtí a bhaineann le gach substaint agus le gach uirlis a úsáideann tú. Bíonn an comhartha 'inlasta' ar channaí spraephéinte, mar shampla.





2.4 **Lipéid Sábháilteachta**

## Sábháilteacht agus Dearadh

Agus déantán á dhearadh agat, ní mór duit cuimhneamh ar an tsábháilteacht. Más cathaoir atá á dearadh agat, mar shampla, ní mór go mbeidh duine in ann suí go compordach uirthi gan titim. Féach an dá chathaoir thíos (Fíor 2.5, Fíor 2.6).




2.5 **Cathaoir nár dearadh go maith**




2.6 **Cathaoir a dearadh go maith**



Sláinte agus Sábháilteacht

Ní mór duit anailís a dhéanamh ar aon dearadh a cheapann tú agus do dhearadh a mheas ó thaobh na sábháilteachta de. Beidh tú in ann déantán níos fearr a dhéanamh ach cúrsaí sábháilteachta a chur san áireamh mar chuid den phróiseas deartha. Bain úsáid as an seicliosta ar dheis.

**Anailís ar an Dearadh**

Déan cinnte de:

- go seasfaidh an déantán as féin.
- gur féidir é a iompar go héasca.
- nach mbeidh aon imeall géar ann.
- go mbeidh sé in oiriúint don sprioc-aoisghrúpa.
- go mbeidh an modh ceangail láidir go leor, go háirithe má bhíonn píosaí beaga ann.
- nach mbeidh aon ábhar tocsaineach ann, péint luaidhe, mar shampla.

## Cleachtadh

1. Luaigh ceithre chontúirt a bhaineann leis an seomra teicneolaíocht adhmaid.
2. Cad ba cheart duit a dhéanamh má tá rud éigin briste sa seomra ranga?
3. Cad ba cheart duit a dhéanamh sula ndéanann tú aon uirlisí cumhachta a phlugáil isteach?
4. Cad a úsáideann an múinteoir má bhíonn timpiste ag duine sa seomra ranga?
5. Cad ba cheart duit a dhéanamh sula bhfágann tú do bhinse ag deireadh an ranga?
6. Luaigh ceithre ghné shábháilteachta is gá a chur san áireamh agus déantán á dhearadh agat.
7. Ainmnigh dhá ghné shábháilteachta a bhíonn i gcarranna nua-aimseartha.
8. Úsáidtear spraeghunna chun bailchríocha áirithe a chur ar throscán adhmaid. Ainmnigh dhá chéim sábháilteachta ba chóir a ghlacadh agus spraeghunna á úsáid.


9. Cad ba cheart duit a dhéanamh:

**a)** má théann dusta i do shúile?

**b)** má dhónn tú do lámh?

**c)** má ghearrann tú do mhéar?

10. Cad iad na contúirtí atá le feiceáil sa sceitse ar dheis?



11. Abair cad is brí le gach ceann de na comharthaí sábháilteachta seo.





12. Ainmnigh dhá chéim shábháilteachta a ghlac an scoláire ar dheis agus an déantán á dhruileáil aige.

